

LUACH NA MUC

Sul a raibh bóthair iarainn ná gléas iomchair ar bith sa tír seo sé an bealach a dtéidheadh na muca go Gaillimh i mbáid mhóra. Sgilling a bhaintí as uacht muc a thabhairt go Gaillimh i mbád mór, agus fear na muice i n-éinfeacht léithe. Go minic bhíodh dhá sgór muc i néinfeacht sa mbád. Dhíoladh said na muca le Micheál Ó Seadha nó Seán Ó Conaire. Turas amháin, bhí fear as Muighinis a’ gul síos innte le péire muc mór, Peadar Mhac Donnchadha (Peadar Thomáis Pheadair). Fear bun léimeamhail a bhí ann. An-ghaisgeamhail, fear beag cruaidh éadtrom. Bhí sé a ceapadh nach raibh aon fhear troda chomh maith leis, nuair a bheadh maide ina láimh aige.

D’ól sé luach na muc nó goideadh uaidh é i nGaillimh. Chúm daoine gur le mná a chaith sé an t-airgead, gur ghoideadar uaidh é. Gan pinginn ná leithphinghinn ina phóca shuibhail sé timcheall ar Ghaillimh. Nuair a shuibhail sé isteach ag an mbean d’fhiafhuigh sé dhe a bhfuair sé luach maith ar na muca.

“Fuaireas”, adeir sé, “ach cén mhaith dom é, chaill mé é nó goideadh uaim é, níl pinghinn ná leithphinghinn dá luach agam”.

“Tá sé sin sáthach dona”, adeir a bhean, “ach ba cheart dúinn é a choinnéal ina rún, mara ndéana, beidh an baile agus an t-oileán a’ beithé as a magadh fúinn. “Ara a Mháire Ní Mhaoláin”, adeir sé. “Cén mhaithe bheith a cainnt ar é a choinnéal ina rún. Ní hé amháin go bhfuil fhios ag a tír é ach tá fhios ag Gaillimh é agus ag Orán Mór taobh thoir dhe.”

Seosamh Ó Mongáin

11/11/39